




Ciste an Chomhphobail um Ghníomhú ar son na hAeráide

Treoirdhoiciméad



**TÁIMID AG
GNÍOMHÚ
AR SON NA
HAERÁIDE**

CLÁR GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE AN CHOMHPHOBAIL

D'fhorbair an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) an Clár Comhphobail um Gníomhú ar son na hAeráide (CCGA) chun tacú le pobail ar mian leo gníomhú ar son na haeráide ag leibhéal áitiúil, agus cuireadh €60m ar fáil ón gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide.

Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC) Sraith 1 – Pobail Ísealcharbóin a Thógáil a riar, agus cuirfidh sí comhairle agus tacaíocht ar fáil do chlubanna spóirt, gairdíní pobail, ionaid phobail, cumainn chónaitheacha agus a lán eagraíochtaí neamhbhrabúis eile ar fud a limistéir riaracháin, chun cur ar a gcumas gníomhú ar son na haeráide. Agus beagnach €4m ar fáil thar dhá chéim an chláir seo, táimid ag tnúth le dlús a chur leis an iarracht i dtreo Bhaile Átha Cliath a bheidh níos athléimní ó thaobh na haeráide de.

CÚLRA

Tá gealltanais tugtha ag Éirinn a hastaíochtaí carbóin a laghdú 51% faoi 2030 agus a bheith ina geilleagar aeráidneodrach faoi 2050. Tá Cathair Bhaile Átha Cliath ina ball de Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh 100 Cathair Aeráidneodrach Chliste, agus gach ceann acu ag iarraidh aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2030. Ionas go mbeidh Éire agus Cathair Bhaile Átha Cliath in ann an t-aistriú sin a dhéanamh, ní mór dúinn oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar an gcaoi a gcumhachtaímid ár bhfoirgnimh, a n-oibrímid, a dtaistealaímid, a dtomhlaímid earraí agus seirbhísí, a ndéileálaimid lenár ndramhaíl agus a gcosnaímid ár bhfiadhúlra.



Gairdín Pobail Beaumont – Leapacha ardaithe déanta as plaisteach athchúrsáilte

Téama 3 Bia agus Dramhaíl agus Téama 4 An Geilleagar Ciorclach

AN TREOIRDHOICIMÉAD SEO

Ullmhaíodh an treoir seo do ghrúpaí i réimse oibríochtúil an CCBÁC chun tuiscint níos fearr a fháil ar Chiste an Chomhphobail um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tá an tOifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fáil freisin agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis má theastaíonn comhairle agus tacaíocht uait maidir leis an gciste, do thionscadal gníomhaíochta nó an próiseas iarratais, ach ríomhphost a chur chuig an seoladh seo: communityclimatefund@dublincity.ie

Déantar ár leathanach gréasáin faoin gCiste Comhphobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, atá nasctha thíos, a nuashonrú go rialta agus is foinse luachmhar faisnéise é maidir leis an gciste.

<https://www.dublincity.ie/residential/environment/environmental-awareness/community-climate-action-fund>

CUSPÓIRÍ AN CHLÁIR GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE COMHPHOBAIL

Is é cuspóir foriomlán an Chláir seo tacú le pobail agus iad a chumhachtú, i gcomhpháirtíocht lena n-údaráis áitiúla, chun pobail ísealcharbóin inbhuanaithe a mhúnlú agus a thógáil ar bhealach comhleanúnach a chuireann le spriocanna aeráide agus fuinnimh áitiúla agus náisiúnta.

Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag do thionscadail an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú
- Athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú
- Cuidiú leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin

Beidh tairbhe ann má fhéachann sé leis an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:

- An pobal a neartú
- Daoine eile a spreagadh chun gníomhú ar son na haeráide



Grúpa Pharóiste an tSrutháin Aoibhinn le haghaidh Cúram don Chomhshaoil – Pocket Forest agus Native Hedge

Téama 5 Réitigh Bunaithe ar an Dúlra ina bhfuil béim láidir ar an bpobal a neartú

FORLÉARGAS AR SHRAITH 1 AGUS AR SHRAITH 1A

Sraith 1 – Clár an Chomhphobail um Ghníomhú ar son na hAeráide: Pobail Ísealcharbóin a Chruthú

In 2023, leithdháileadh €1,938,000 ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) do thionscadail faoi shnáithe 1 den Chlár Comhphobail um Ghníomhú ar son na hAeráide: Pobail Ísealcharbóin a chruthú, chun cabhrú le pobail áitiúla tionscadail a fhorbairt agus a sheachadadh a bhfuil tionchar díreach acu ar ghníomhú ar son na haeráide. Roghnaíodh caoga (50) tionscadal as gach cearn den chathair, chun a léiriú conas is féidir leo rannchuidiú le cuspóirí aeráide áitiúla agus náisiúnta a bhaint amach.

Ina theannta sin, leithdháileadh €57,885 faoi Shraith 1a Ciste Comhroinnte Éireann, ina bhfacthas cur chuige comhpháirtíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide idir feirm phobail atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus feirm phobail i mBéal Feirste.

Seolfar Céim II den chiste seo le linn 2025, agus beidh €1,938,000 breise ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla ar mian leo gníomhú ar son na haeráide a léiriú.

COMHPHOBAIL INCHÁILITHE

Ceanglaítear ar ghrúpaí pobail féindeimhniú a dhéanamh nach bhfuil an maoiniú ar fáil acu chun tabhairt faoin obair gan tacaíocht **NÓ** (de rogha air sin) cuirfidh an tacaíocht ar a gcumas níos mó oibre a dhéanamh nach mbeidís in ann a íoc murach sin.

Ní mór do ghrúpaí a bheith in ann a léiriú freisin go bhfuil ar a gcumas na hoibreacha atá beartaithe a dhéanamh.

COMHPHOBAIL INCHÁILITHE DO SHRAITH 1

Le bheith incháilithe iarratas a dhéanamh faoi shnáithe 1, ní mór d’eagraíochtaí pobail:

- Eagraíocht neamhbhrabúis
- Lonnaithe i limistéar oibríochtúil DCC
- Cláraithe leis an PPN nó nasctha le comharchumainn eile amhail an tWheel nó an Baile Slachtmhar
- **agus/nó** grúpa pobail ag a bhfuil Airteagail Chomhlachais nó Bhunreachta, ag a bhfuil Cruinniú Cinn Bhliana, agus a bhfuil miontuairiscí ceadaithe ar fáil ina leith.

NÍL NA HEAGRAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS INCHÁILITHE CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR SHRAITH 1:

- Daoine aonair príobháideacha
- Gnóthais tráchtála (lena n-áirítear trádálaithe aonair)
- Scoileanna, institiúidí tríú leibhéal etc.
- Eagraíochtaí náisiúnta
- Institiúidí airgeadais



Gairdín Pobail Killester Blooms

Téama 3 Bia agus Dramhaíl

TIONSCADAIL INCHÁILITHE

Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag tionscadail an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An cuspóir foriomlán a chomhlíonadh “pobail ísealcharbóin inbhuanaithe a mhúnlú agus a thógáil ar bhealach comhleanúnach chun rannchuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh áitiúla agus náisiúnta.”
- Aghaidh a thabhairt ar cheann amháin nó níos mó de na cúig théama de chuid an Chláir agus ar spriocanna náisiúnta maidir le gníomhú ar son na haeráide, mar a leagtar amach thíos.
- Cloí leis na ceanglais reachtúla go léir maidir le pleanáil, rialacháin tógála, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Cóid Dóiteáin etc., nuair is infheidhme.

CÚIG THÉAMA CLÁIR

Is féidir le tionscadail aghaidh a thabhairt ar théama amháin nó (b’fhearr) ar théamaí éagsúla. Anseo thíos tá miondealú ar gach téama agus roinnt tionscadal molta. Níl iontu seo ach samplaí agus moltar do phobail a bheith chomh nuálach agus is féidir lena dtionscadail.

Ba cheart do ghrúpaí breithniú a dhéanamh freisin ar an gcaoi a gcuireann a dtionscadail leis an dul chun cinn i ndáil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ábhartha na Náisiún Aontaithe. Tá treoir achomair ghairid ar fáil ar shuíomh gréasáin DCC.

TÉAMA 1: POBAL AGUS FUINNEAMH

Tá rátálacha fuinnimh an-íseal agus costais arda reatha ag go leor foirgneamh in Éirinn, mar gheall ar chaillteanas teasa den chuid is mó. Is féidir ról mór a bheith ag an gcaoi a ndéanaimid ár bhfoirgnimh a thógáil, a théamh agus a reáchtáil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann a laghdú. Is ionann caillteanas teasa agus 10% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann. Is féidir linn ár bhfoirgnimh a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh trí iarfheistiú.

Laghdódh tionscadail inspéise faoin téama seo tionchar aeráide foirgneamh i bpobail trí níos lú fuinnimh a úsáid, trí fhuinneamh in-athnuaite a úsáid agus trí chaillteanas teasa a sheachaint, rud a shábhálfadh do chuid airgid pobail freisin.

Moltar do na pobail sin ar spéis leo iarratas a dhéanamh ar thionscadail Fuinnimh Chomhphobail iniúchadh fuinnimh a fháil. Trí iniúchadh fuinnimh a dhéanamh, neartófar d'iarratas toisc go leagfaidh sé béim ar na bearta coigilte costais a bhaineann le gach gníomhaíocht is mian leat a dhéanamh agus ar an bhfad a thógfadh sé ar gach ceann acu íoc as féin de ghnáth. Mar shampla, is iondúil go dtógann painéil ghréine thart ar 7 mbliana chun an infheistiúocht a aisíoc.

Seo thíos samplaí de thionscadail Fuinnimh Chomhphobail a cuireadh i gcrích faoin gcéad chéim den mhaoiniú:

- Foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh trí iarfheistiú (e.g. insliú),
- Soilse/fearais ísealfhuinnimh a mhúchadh agus a úsáid trí úsáid a bhaint as rialtáin chliste.
- Tionscadail bheaga fuinnimh in-athnuaite pobail (grianfhuinneamh, hidreafhuinneamh, fuinneamh gaoithe)
- Foirgnimh phobail a iarfheistiú
- Soilsiú pobail LED, lena n-áirítear tuileshoilse
- Soilsiú braiteora
- Rialtáin téimh/foirgnimh
- Teaschaidéal
- Uirlisí gairdín leictreonacha



Ionad Acmhainne Teaghlaigh Bhaile Formaid

Téama 1 Fuinneamh Comhphobail

TÉAMA 2: TAISTEAL COMHPHOBAIL

Is é an t-iompar is cúis le thart ar 20% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann. Níl sé simplí ár modhanna taistil a athrú agus is minic a shocraíonn roghanna pleanála agus tithíochta roimhe seo é. Tá an chaoi a dtaistealaímid ar cheann de na príomhréimsí inar féidir le hathrú iompraíochta tionchar tapa agus iarbhrí a imirt ar ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Ba cheart do thionscadail a dhíríonn ar an téama sin rannchuidiú le hastaíochtaí ón iompar a laghdú.

Seo thíos samplaí de thionscadail Taistil Phobail a cuireadh i gcrích faoin gcéad chéim den mhaoiniú:

- Páirceáil rothar agus scáthláin, taisceadáin rothar san áireamh
- Seastáin deisithe rothar
- Leabharlann rothar
- Rothair lasta pobail
- Scéim fruilithe rothar teaghlaigh
- Pointe/pointí luchtaithe feithiclí leictreacha Pobail



Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ard Aidhin Beaumont

Téama 2 Taisteal Pobail – Tacú le pobal sláintiúil gníomhach

TÉAMA 3: BIA AGUS DRAMHAÍL

Teastaíonn méideanna móra fuinnimh agus ábhar chun bia a fhás, a phróiseáil agus a iompar. Meastar go gcuirtear aon trian den bhia a fhásaimid amú agus gurb ionann é agus 10% d'astaíochtaí domhanda. Tá gealltanais náisiúnta ann cur amú bia a laghdú 50% faoi 2030.

Agus eolas a bheith againn gur féidir le cásanna éagsúla amhail an cultúr, an reiligiún, an tsláinte, na cumais agus na cách dul i bhfeidhm ar na cinntí is féidir le daoine aonair a dhéanamh; ar leibhéal na gcóras, an phobail agus na stíle maireachtála, tá deiseanna ann daoine a nascadh le chéile agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht maidir le bia, dramhaíl agus an t-athrú aeráide.

Seo thíos samplaí de thionscadail Bhia agus Dramhaíola a cuireadh i gcrích faoin gcéad chéim den mhaoiniú:

- Forbairt gairdíní pobail
- Margaí bia
- Úllord pobail/scaipthe
- Polatholláin (lena n-áirítear culaith úr a chur orthu)
- Tithe gloine/seideanna
- Saoráidí múirínithe pobail
- Leapacha ardaithe
- Stiallaire, múiríneoirí agus piastlanna
- Stáisiúin athlíonta uisce
- Moil deisiúcháin/saoráidí athchúrsála
- Cuisneoir pobail
- Leithreas inmhúirínithe



Gairdíní Blátha Chill Easra - Úllord Scaipthe

Téama 3: Bia agus Dramhaíl agus 5 Réitithe Bunaithe ar an Dúlra

TÉAMA 4: SIOPADÓIREACHT AGUS ATHCHÚRSÁIL (GEILLEAGAR CIORCLACH)

Cuireann an méid a cheannaímid go mór le hastaíochtaí sa chaoi a ndéantar iad a tháirgeadh, a iompar, a úsáid, a athúsáid agus a athchúrsáil. Má leanaimid orainn ag úsáid acmhainní mar a dhéanaimid anois, faoi 2050 bheadh acmhainní trí Domhan ag teastáil uainn chun an t-éileamh a shásamh. Tá Éire ag bogadh i dtreo geilleagar ciorclach a chruthú - rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca táirgí a mhaireann níos faide a úsáid, a athúsáid agus a athchúrsáil ar deireadh.

Mar shiopadóirí tá sé de chumhacht againn tionchar a imirt ar tháirgeadh. Tá daoine ag athrú a gcuid nósanna siopadóireachta trí tháirgí a cheannach a mhaireann níos faide nó a athraíonn a gcuispóir, pleanáil a dhéanamh ar an méid a dhéanfaidh siad le rudaí nuair a bheidh siad críochnaithe á n-úsáid, athchúrsáil a dhéanamh a mhéid is féidir, a gcuid dramhaíola a dheighilt go gníomhach lena bailiú agus ionaid agus seirbhísí athchúrsála a úsáid gar dóibh.

Mhéadódh tionscadail inspéise a bhaineann leis an téama seo éagsúlacht agus líon na saoráidí athchúrsála sa phobal áitiúil agus tionscnaimh atá dírithe ar laghdú, athúsáid agus athchúrsáil.

Seo thíos samplaí de thionscadail an Gheilleagair Chiorclaigh a cuireadh i gcrích faoin gcéad chéim den mhaoiniú:

- Moil deisiúcháin pobail
- Meaisíní fuála
- Saoráidí athúsáide péinte
- Stáisiúin líonta uisce
- Deireadh a chur le plaistigh aonúsáide
- Glasaigh do threalamh féile
- Cupáin caife is féidir a thabhairt ar ais
- Siopaí babhtála



Spás Haiceálaithe – Repair Café i mBosca

Téama 4 – Geilleagar Chiorclach

Tá an Repair Café ar fáil do ghrúpaí pobail ar fud Bhaile Átha Cliath chun iasachtaí a fháil, rud a shábhálann orthu a dtrealamh féin a cheannach chun imeachtaí deisiúcháin a réachtáil, rud a laghdaíonn costais agus dramhaíl.

TÉAMA 5: AERÁID ÁITIÚIL AGUS GNÍOMHAÍOCHT CHOMHSHAOIL

Tá flúirse acmhainní nádúrtha ag Éirinn, idir phortaigh agus fhoraoisí, ár n-aibhneacha agus ár n-aigéin. Ní mór na hacmhainní nádúrtha sin a chosaint ar an athrú aeráide, agus mar chúiteamh air sin, cuideoidh siad linn trí charbón a ionsú, tríd an mbaol tuilte a laghdú, trí phlandaí agus fiadhúlra (bithéagsúlacht) a mhéadú, agus trí ghníomhú mar áiteanna dúinn go léir chun athcheangal leis an dúlra.

Seo thíos samplaí de thionscadail Dúlra a cuireadh i gcrích faoin gcéad chéim den mhaoiniú:

- Mionfhoraoisí
- Scoileanna foraoise
- Linnte
- Úlloird scaipthe
- Gairdíní dín/ díon glas
- Tionscadail pailneoirí
- Buaint uisce
- Tionscadail athléimneachta aeráide
- Speicis ionracha a bhaint
- Caomhnú bogach
- Gairdíní báistí/ plandálaithe báistí



Grúpa Sráidbhaile Slachtmhara Ráth Eanaigh

Téama 5 – Réitigh Bunaithe ar an Dúlra

SPRIOCANNA NÁISIÚNTA UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Cé is moite de théamaí an Chláir, ba cheart do thionscadail féachaint leis an méid seo a leanas a léiriú maidir le gníomhú náisiúnta ar son na haeráide a chur i gcrích ar an leibhéal áitiúil:

- a) Laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó tacú leis an laghdú sin
- b) Táirgeadh nó úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú
- c) Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú
- d) Athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú, amhail báisteach a mhoilliú le linn imeachtaí báistí arda, uisce stóráilte a úsáid le linn dálaí triomaigh.
- e) Tionscadail dhúlra bhunaithe a shainaithint lena bhfeabhsaítear an bhithéagsúlacht agus lena bhféachtar le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó a bhaint a mhéadú nó lena dtacaítear le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide sa Stát, trí rannchuidiú leis an Éifeacht Teasa Uirbigh a laghdú.
- f) Cúnamh a thabhairt do réigiúin sa Stát (lena n-áirítear pobail sna réigiúin sin) agus laistigh d'earnálacha den gheilleagar a bhfuil tionchar ag an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin orthu.
- g) Tá gá le réitigh a d'fhéadfadh a bheith nuálach chun aghaidh a thabhairt ar na ceistanna thuas.

SUÍOMHANNA AGUS CEADÚNAIS THIONSCADAIL

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh tionscadail ar fáil don phobal, i gcás inarb infheidhme. Mura bhfuil úinéireacht ag an ngrúpa ar an talamh/ar an bhfoirgneamh/ar na foirgnimh/ar an spás urláir, ní mór léas nó comhaontú cúig bliana ar a laghad a bheith i bhfeidhm acu ón dáta a chuirtear an tionscadal i gcrích. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar ghrúpaí cruthúnas a sholáthar maidir le húinéireacht, léas nó comhaontuithe rochtana.

Maidir le foirgnimh agus talamh atá faoi úinéireacht an DCC, beidh ort cead a fháil ó Bhainistíocht Maoine an CCBÁC chun aon fheabhsuithe nó athruithe a dhéanamh. Beidh cead i scríbhinn ag teastáil uait freisin ó Pháirceanna le haghaidh athruithe ar thalamh poiblí atá á bhainistiú ag foireann na bPáirceanna.

MÉIDEANNA MAOINITHE / DEONTAIS

Tá maoiniú ar fáil le haghaidh 100% de chostais an tionscadail. Tacóidh thart ar 50% dár gcistí le **Tionscadail mhóra**, 40% le **Thionscadail Mheánacha** agus 10% le **Thionscadail Bheaga**. Tá luach gach catagóire tionscadail leagtha amach thíos:

Scála an Tionscadail	Luach an Tionscadail
Tionscadail ar Scála Beag	Idir €10,000 agus €20,000
Tionscadail Mheánscála	Idir €21,000 agus €50,000
Tionscadail Mhórscála	Idir €51,000 agus €100,000

COSTAIS INCHÁILITHE

Cumhdóidh an Clár costais chaipitil go príomha. Seo thíos treoir maidir leis na costais incháilithe agus neamh-incháilithe do thionscadail. Déanfar costais incháilithe a mheas ar bhonn cás ar chás. Mar sin féin, beidh feidhm ag na coinníollacha ginearálta seo a leanas:

Costais incháilithe	Costais neamh-incháilithe**
• Chun an tionscadal a chur chun feidhme, agus chun na críche sin amháin, beidh gá leis don tionscadal agus ní úsáidfear é chun críoch eile • Infhíoraithe agus réasúnta • Gan aon mhaoiniú dúblach • Ní mór don mhaoiniú na ceanglais maidir le stáitchabhair a chomhlíonadh • Féadfar maoiniú eile a ghíaráil le haghaidh an tionscadail, ach ní mór do chomhpháirt mhaoiniúcháin CCGA seasamh ar a fiúntas féin agus a bheith neamhspleách ar mhaoiniú eile	• Tionscadail nach dtéann chun tairbhe ach do dhuine aonair nó d'ioncam ginte • Oiliúint, costas foirne etc. • Trealamh, ach amháin má bhaineann sé go díreach leis an tionscadal • Forchostais, taisteal, oibriú, cothú, barúlach, dlíthiúil, árachas, iasacht etc. • Costas a tabhaíodh roimh an litir thairisceana • Costais i gcás ina bhfuil maoiniú níos iomchuí ann

*Is samplaí iad seo de chostais neamh-incháilithe agus ní liosta uileghabhálach é

CÁIN BHREISLUACHA (CBL)

Sa chás go bhfuil grúpa pobail cláraithe le haghaidh CBL agus gur féidir leo CBL a éileamh, ba cheart dóibh CBL a eisiáil óna gcostais nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu agus óna n-iarrataí tarraingthe anuas nuair a bhíonn aisíocaíochtaí á lorg acu. Ba chóir CBL inéilithe a éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim.

I gcás nach bhfuil iarratasóir cláraithe le haghaidh CBL agus nach féidir leis CBL a éileamh, ba cheart dó costais CBL **ia áireamh** ina iarratas agus ina hiarrataí ar tharraingt anuas.

Tá CBL iníoctha ar thionscadail ghréine d'fhoirgnimh phobail agus gearrtar é de ghnáth ag 13.5%



CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Ní mór do ghrúpaí pobail a bhfuil spéis acu iarratas ar Léiriú Spéise (LS) a chomhlánú. Is féidir teacht orthu sin tríd an rannán Mol Saoránach CCBÁC – ‘Iarratas a dhéanamh air’, feic anseo <https://citizenhub.dublincity.ie/apply>.

Déanfaidh an t-oifigeach Comhphobail um Ghníomhú ar son na hAeráide athbhreithniú ar do LS agus ceadóidh sé/sí an togra réidh lena chur i bhfeidhm go hiomlán nó molfaidh sé/sí breisithe/athruithe. Tá sé i gceist leis an gcomhairle a chuireann an tOifigeach Comhphobail um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fáil feabhas a chur ar do dheiseanna maoiniú a fháil, ní ráthaíonn sí maoiniú, sa phróiseas deontais iomaíoch seo.

Má bhíonn aon cheist agat déan teagmháil le hOifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide Chathair Bhaile Átha Cliath communityclimatefund@dublincity.ie. Tá an tOifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fáil chun treoir a thabhairt do ghrúpaí atá ag iarraidh a dtionscadail a fhorbairt agus an próiseas iarratais a chur i gcrích.

CÉIM IARRATAIS IOMLÁIN:

Gheobhaidh grúpaí a dhéanann iarratas rathúil LS fógra nuair a leanfar aghaidh chuig céim II i gcéim an iarratais. Beidh eolas breise ag teastáil sa chéim seo a theastaíonn uait a sholáthar chun tacú le d'iarratas.

Tabhair do d'aire: Ní bhreithneofar aon iarratas tar éis an spriocdháta, agus ní féidir le grúpaí ach iarratas amháin a dhéanamh in aghaidh na heagraíochta.

Doiciméid atá le cur isteach in éineacht leis an bhfoirm iarratais:

- Doiciméid Rialachais don eagraíocht e.g. téarmaí tagartha, bunreacht, miontuairiscí CGB etc.
- Miondealú ar chostais i.e. cruthúnas scríofa ar luachana
- Aon cháipéisíocht tacaíochta ábhartha, e.g. tuarascálacha bithéagsúlachta, iniúchtaí fuinnimh etc. Níl siad éigeantach ach d'fhéadfadh siad feabhas a chur ar do dheiseanna maoiniú a fháil.
- Cairt Gantt



Cumann CLG Na Fianna GAA Club – Téama 2 Taisteal Pobail – Saoráid Deisiúcháin Rothar

COSTAIS AGUS BUISÉADÚ

Mar chuid den iarratas, beidh ar ghrúpaí pobail buiséad a ullmhú ina sonrófar gach rud a mbeidh orthu íoc as le linn an tionscadail. Chun a chinntiú go léiríonn iarratas luach ar airgead, ní mór don iarratasóir 3 luachan i scríbhinn a sholáthar leis an aighneacht le haghaidh earraí agus seirbhísí ar luach idir €1000-€20,000, le haghaidh earraí agus seirbhísí os cionn €20,000, tá 5 luachan ag teastáil. Ní mór do phobail breithniú a dhéanamh freisin ar sholáthar glas nuair is féidir. Ní mór don CCBÁC a bheith sásta gurb ionann an t-iarratas agus luach ar airgead agus go ndeachaigh an t-iarratasóir i dteagmháil le soláthróirí chun a dtogra a fhorbairt.

I gcás nach féidir trí luachan le haghaidh táirge/seirbhís ar leith a dhéanamh nó i gcás ina bhfuil ualach rómhór ag baint leo i gcás comhpháirteanna tionscadail iomadúla, féadfar an ceanglas sin a tharscaoileadh, agus féadfar meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas ar na luachana atá ar fáil. Ba cheart do ghrúpaí dul i gcomhairle leis an Oifigeach Comhphobail um Ghníomhú ar son na hAeráide sula gcuirfidh siad a n-iarratas isteach má thagann an cás sin chun cinn.

I gcás earraí agus seirbhísí faoi bhun €1000 is leor seat scáileáin d'earraí ó shuíomhanna gréasáin. Rachaidh sé chun leasa d'iarratais samplaí a thaispeáint de shiopadóireacht timpeall ar an táirge is fearr.

Agus costais á dtarraingt suas, moltar teagmhas a chur san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar aon athruithe gan choinne ar chostais nó ar bhoilsciú. Bheadh an méid sin tábhachtach go háirithe do thionscadail níos mó.

Agus meastacháin á bhfáil acu ó sholáthróirí, ba cheart do ghrúpaí iarracht a dhéanamh a chinntiú go mbeidh luachana bailí nuair a bheidh an obair á déanamh acu, murach sin d'fhéadfadh sé gur ghá soláthar a dhéanamh arís má dhámhtar maoiniú ar ghrúpaí. Tabhair do d'aire go mbeidh ar iarratasóirí rathúla treoirilínte soláthair phoiblí a leanúint agus ag brath ar an gcineál oibre agus costais, d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu luachana breise a fháil. Is féidir leis an Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide comhairle a chur ar ghrúpaí maidir leis sin.

Táthar ag súil go mbogfaidh tionscadail go dtí céim an chur chun feidhme faoi R2 de 2026

CÚNAMH STÁIT AGUS DE MINIMIS

Meastar gur 'Státchabhair' é maoiniú poiblí i gcás ina dtugann sé buntáiste geilleagrach don fhaighteoir, bíodh sé ina fhiontar, ina eagraíocht sheachbhrabúsach, nó ina dhuine aonair, thar dhaoine eile. Chun na rialacha maidir le Státchabhair a chomhlíonadh, níor cheart go mbeadh an leibhéal maoinithe a chuirtear ar fáil do thionscnóir tionscadail níos mó ná €200,000 - tugtar uasteorainn De Minimis air seo, a leagann síos teorainn ar an méid cúnaimh is féidir a thabhairt d'eagraíochtaí (go dtí an teorainn thuasluaite) le linn na tréimhse fioscaí trí bliana roimhe sin.

I dtéarmaí simplí, mura gcuireann do ghrúpa **earraí nó seirbhísí** ar fáil do bhallstáit eile an AE, ní mheastar gur Státchabhair é d'iarratas.



Comhpháirtíocht na Life – Téama 3 Bia agus Dramhaíl – Culaith úr á Cur ar Pholatholláin.

MEASTÓIREACHT, ROGHNÚ AGUS FAOMHADH

Ionas go n-éireoidh le tionscadal agus go bhfaighidh sé maoiniú, ní mór dó pas a fháil i gcéim na meastóireachta ar dtús, ansin céim an roghnúcháin agus céim an fhaofa ar deireadh.

1. MEASTÓIREACHT:

Déanfaidh CCBÁC meastóireacht ar gach iarratas lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le cuspóirí agus le hincháilitheacht an Chláir seo agus marcálfar iad de réir na gcritéar roghnúcháin thíos. Ní mór d'iarratais íos-scór de 50% nó níos mó a chomhlíonadh agus na híos-scóir a chomhlíonadh, le cur san áireamh lena roghnú ag CCBÁC.

2. ROGHNÚ:

Tar éis na meastóireachta, roghnóidh CCBÁC na tionscadail deiridh ansin agus na scóir is airde á gcur san áireamh agus:

- dáileadh geografach na dtionscadal
- a inmhianaithe agus atá sé tionscadail éagsúla a mhaoiniú agus ar fud iliomad téamaí
- an cion a dhéanann na tionscadail do chuspóirí CCBÁC maidir le gníomhú ar son na haeráide

3. FAOMHADH:

Cuirfidh CCBÁC na tionscadail roghnaithe faoi bhráid an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil lena gceadú go críochnaitheach. Ní hionann rath ag céim an mheasúnaithe agus an roghnaithe agus ráthaíocht ar mhaoiniú.

Cinnfidh an tAire cad iad na tionscadail a fhaomhfar sa deireadh agus aon choinníollacha sonracha maoinithe.



CRITÉIR MHEASÚNAITHE

Chun a chinntiú go roghnaítear tionscadail ar bhealach trédhearcach agus cothrom, déanfar meastóireacht ar iarratais ar dtús de réir na gcritéar seo a leanas. Is é 100 an scór uasta. Ní mór d'iarratais scór íosta 50% nó níos mó a chomhlíonadh agus an scór íosta a cheanglaítear faoi chritéir roghnaithe a chomhlíonadh chun go mbreithneofar iad le haghaidh comhpháirtíocht tionscadail leis an CCBÁC.

Critéar roghnúcháin le haghaidh shraith 1	Tuairisc	Scór uasta	Riachtanais maidir le scór íosta
Ábharthacht agus tionchar	Comhlíonann an tionscadal na cuspóirí chun pobal ísealcharbóin a chruthú, rud a chuireann le spriocanna na hÉireann maidir le gníomhú ar son na haeráide	30	15
Nuálaíocht agus inscálaitheacht	Tá cur chuige praiticiúil agus nuálaíocht sa tionscadal a d'fhéadfadh grúpaí eile a mhéadú nó a mhacasamhlú agus tá tionchair mharthanacha aige tar éis maoiniú a fháil.	20	10
Luach ar airgead	Tá an costas a ndéantar iarratas ina leith réasúnta, léiríonn sé úsáid éifeachtúil acmhainní agus tá sé i gcomhréir le cáilíocht agus cineál na ngníomhaíochtaí atá beartaithe. Sainaithnítear aschuir agus torthaí réalaíocha, sonracha agus ábhartha agus tá siad i gcomhréir leis an leibhéal infheistíochta	20	10
Inghnóthaitheacht	Tá an saineolas iomchuí ag an eagraíocht/comhpháirtíocht chun an tionscadal atá beartaithe a chur i gcrích. Tá an togra soiléir, comhleanúnach agus insóláthartha laistigh den	10	5

	tréimhse ama agus tá faireachán á dhéanamh ar na príomh-gharspriocanna		
Cur chuige comhpháirtíochta	Tá aon chomhpháirtíocht, lena n-áirítear a ról mar ghrúpa comhpháirtíochta, liostaithe go soiléir agus comhaontú i bhfeidhm. Ba cheart rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a léiriú sa togra	10	10
Rialachas an tionscadail	Tá aon phróiseas rialachais agus bainistíochta airgeadais is gá i bhfeidhm agus comhlíonann siad ceanglais an chláir (le fianaise ar chomhlíonadh cánach i gcás inarb infheidhme)	10	10
iomlán	100	50	

NÓTA BREISE MAIDIR LE MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR THIONSCADAIL BHEAGA

Déanfar meastóireacht ar thionscadail bheaga faoi na critéir chéanna atá liostaithe thuas ach cuirfear scála níos lú an tionscadail san áireamh. Ba cheart do thionscadail a bheith ábhartha fós agus tionchar a léiriú. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ag pobail eile macasamhlú a dhéanamh, ach ní gá dóibh a bheith nuálach ná inscálaithe.



Paróiste Choill na Feá – Téama 1 Fuinneamh Comhphobail – Painéil Ghréine

AN RUD AR FÉIDIR LEAT BHEITH AG SÚIL LEIS MÁ ÉIRÍONN LE D'IARRATAS

Tar éis fhaomhadh Aire, eiseoidh CCBÁC Litir Thairisceana chuig na pobail rathúla ina leagfar amach na téarmaí agus na coinníollacha. Tá grúpaí freagrach as a dtionscadail a chur i gcrích laistigh de 18 mí ón Litir Thairisceana a fháil chun a dtionscadail a chur i gcrích. Forchoimeádan CCBÁC an ceart tarraingt siar ó thionscadal mura gcomhlíontar na ceanglais go léir laistigh de thréimhse réasúnta. Má bhronntar leithdháileadh maoinithe níos ísle ar iarratasóir ón méid a lorgaíodh ar dtús, féadfaidh an t-iarratasóir clár athbhreithnithe oibreacha a chur isteach chun sástachta an CCBÁC. Agus a gcomhaontuithe maoinithe á síniú acu, comhaontóidh gach pobal leis an méid seo a leanas:

- Treoirlínte Airgeadais an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide a Chomhlíonadh.
- An Ciorclán a Comhlíonadh: 13/2014, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriúcháin.
- Treoirlínte Soláthair Phoiblí a chomhlíonadh i ndáil le gach earra agus seirbhís a cheannach.
- Aontú leis na doiciméid uile a choinneáil ar feadh 7 mbliana.
- Sonraí agus faisnéis a sholáthar maidir leis na gníomhaíochtaí arna maoiniú de réir mar a iarrfaidh DECC agus/nó an t-údarás áitiúil.
- Taifid chuntasaíochta ar leithligh a choinneáil dá thionscadail.
- Tá an maoiniú faoi réir iniúchadh ag DECC.
- Féadfaidh CCBÁC agus DECC admhálacha deimhnithe, grianghraif d'oibreacha críochnaithe (nuair is cuí), agus doiciméid eile de réir mar is gá a lorg.
- Cuairteanna ar an Suíomh: Féadfaidh an Roinn agus/nó an CCBÁC cuairteanna láithreáin gan réamhfhógra a dhéanamh chun comhlíonadh téarmaí agus coinníollacha an Chláir a fhíorú.
- Ní mór rannchuidiú 'Rialtas na hÉireann, agus 'An Roinn Comhshaoil, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cumarsáide' a aithint i bpoiblíocht, i gcur chun cinn agus i gcomharthaíocht, agus in ábhair ábhartha eile de réir mar is iomchuí.
- Beidh an tOifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide ag forbairt cás-staidéir ar thionscadail agus iarrfar ar ghrúpaí sonraí a sholáthar faoina gcuid saothar agus taithí.



Cill Easra/ Domhnach Cearna FC – Téama 5 – Crainn Dhúchasacha

An hidreachosán a mhoilliú agus an éifeacht teasa uirbeach a laghdú

ÍOCAÍOCHT AGUS TUAIRISCIÚ

Ní íocfar iarratais rathúla ar mhaoiniú faoin gClár sin ach le Cuntas Bainc an ghrúpa/na heagraíochta a ndearna an t-iarratas.

Cuirfidh grúpaí an páipéarachas seo a leanas isteach chun aisíocaíocht cistí a fháil:

- Sula ndéanfar íomhá d'oibreacha amhairc
- Meastachán ó sholáthróir tosaíochta
- Sonrasc ón soláthróir tosaíochta
- Cruthúnas ar íocaíocht (ó do chuntas bainc go dtí cuntas na gconraitheoirí)
- Admháil sonraisc (nó deimhniú ríomhphoist go bhfuarthas cistí) ón gconraitheoir tosaíochta)
- Tar éis íomhá a léiríonn an obair a rinneadh

Tá gach íocaíocht faoi réir:

- Fianaise ar chomhlíonadh na dtreoirínte soláthair phoiblí. Mura gcomhlíonann an deontai na treoirínte soláthair phoiblí. D'fhéadfadh smachtbhannaí airgeadais a bheith i bhfeidhm e.g. measfar caiteachas a bheith neamh-incháilithe agus ní aisíocfar é
- Fianaise ar chomhlíonadh Threoirínte an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Incháilitheacht na gcostas de réir na dtreoirínte don Chlár agus don Litir Tairisceana.

RÉAMH-MHAOINIÚ

Is deontas aisíocaíochta é seo (i.e. íocann grúpaí as na hoibreacha agus aisíocann CCBÁC iad) ach tá maoiniú ar fáil do ghrúpaí nach mbeadh in ann íoc as na hoibreacha agus fanacht go dtí go n-aisíocfar iad. Iarrfar ar ghrúpaí agus iarratas á dhéanamh acu an dteastaíonn réamh-mhaoiniú/maoiniú idirlinne uathu.

Tabharfar réamh-mhaoiniú i dtráthchodanna (e.g. 25% de chostas iomlán an tionscadail) ag amanna socraithe thar shaolré an tionscadail (e.g. go ráithiúil). Ní scaoilfear an chéad tráthchuid réamh-mhaoinithe eile ach amháin nuair a bheidh a gcéad tráthchuid réamh-mhaoinithe caite go hiomlán ag grúpaí (i.e. tá caiteachas deimhnithe curtha isteach agus formheasta ag CCBÁC) agus nuair a bheidh na critéir gharsprice comhlíonta acu, agus mar sin de.

Comhaontóidh CCBÁC le gach grúpa aonair a méideanna tráthchodanna réamh-mhaoinithe agus a n-amlínte. Níor cheart réamh-mhaoiniú a úsáid ach amháin chun costais incháilithe arna bhformheas ag CCBÁC a íoc. Ní mór aon chuid den réamh-mhaoiniú nár úsáideadh agus atá fós gan chaitheamh ag deireadh an tionscadail a thabhairt ar ais/a aisíoc leis an CCBÁC láithreach. Beidh grúpaí faoi dhliteanas i leith cistí nár caitheadh nó costais neamh-incháilithe.



**Darndale Belcamp Newlife Centre – Téama 3 Bia agus Dramhaíl agus
5 Réitigh bunaithe ar an Dúlra**

Leapacha ardaithe arna gceardaíocht ag daoine áitiúla a úsáideann adhmaid cóireáilte

EOLAS FAOI CHOSAINT SONRAÍ

Úsáidfear iad siúd a chuireann iarratasóirí agus iad siúd a fhaigheann maoiniú ar fáil chun an Clár seo a mheas agus a riar, agus chun tuairisciú, iniúchadh agus aon chuairt ar an láithreán a éascú. Agus meastóireacht á déanamh ar iarratais agus le linn shaolré na dtionscadal, féadfaidh CCBÁC faisnéis a roinnt leis an Roinn Fuinnimh Aeráide agus Comhshaoil

DÁTAÍ RÍTHÁBHACHTACHA LENA N-ÁIRÍTEAR SEOLADH MHEÁN FÓMHAIR

GARSPRIOC	DÁTA
Céim an chur i bhfeidhm	8 seachtaine – Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2025
Meastóireacht agus roghnú	8 seachtaine – Samhain agus Nollaig 2025
Faofa ag DECC	4 Sheachtain – Eanáir 2026
Torthaí fógartha /Litir Tairisceana déanta	Feabhra – Márta 2026
Tús curtha leis an gcéim cur chun feidhme	Mí an Mhárta/mí Aibreáin 2026 a bhfuiltear ag súil leis

EOLAS TEAGMHÁLA

Dean Eaton - Oifigeach Comhphobail um Ghníomhú ar son na hAeráide

An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Ríomhphost: dean.eaton@dublincity.ie

Fón: 01 222 6265/ 086 049 5144



Tionscadal Kingfisher – Téama 3 Bia agus Dramhaíl agus Téama 5 Réitigh atá Bunaithe ar an Dúlra

Tionscadal Pictelín – tá mionleapacha ardaithe á gcur ar fáil do 100 duine áitiúil chun cabhrú leo bia a fhás agus plandaí a chur ar fáil don dúlra. Tacaíocht/comhairle arna soláthar ag oibrithe deonacha Thionscadal Kingfisher.

Pobal a chruthú, slándáil bia a fheabhsú agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt.